Lagú Amhairc

After living with my vision loss for two decades, I find myself living my life positively and productively

Joan Brock, ó *Joan Brock More Than Meets The Eye*
http://www.joanbrock.com/vision_loss_and_blindness.htm

I gciorcláin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta déanann siad cur síos ar dhaltaí a mbíonn lagú amhairc orthu mar dhaoine atá faoi mhíchumas amhairc atá chomh tromchúiseach sin is go gcuireann sé isteach go suntasach ar a gcumas feiceála. Nuair a fhéachann na daltaí seo ar phictiúir, ar léaráidí nó ar an bhfocal scríofa, cuireann an lagú seo isteach ar a gcumas na rudaí seo a fheiceáil. Sna diagnóisí a dhéanfar ar chuid acu beidh na riochtaí seo orthu: ailbíneachas, catarachtaí, daille ó bhroinn, retinitis pigmentosa, agus araile. Tá áiseanna lagamhairc ag teastáil ón gcuid is mó de na daltaí seo agus úsáideann siad seirbhísí na Múinteoirí Cuartaíochta freisin. Níl sé i gceist go gclúdódh an chatagóir seo daltaí a gceartaíonn gloiní nó lionsaí tadhaill a gcuid deacrachtaí amhairc.

I ndaltaí a bhfuil lagú amhairc orthu seans go léireoidh siad deacrachtaí tuisceana, agus go mbeidh scileanna eagraíochtúla laga acu. Uaireanta teipeann orthu tascanna a chríochnú, agus bíonn deacracht acu fanacht le tasc freisin. Tá páirt-amharc ag formhór na ndaltaí a bhfuil lagú amhairc orthu, agus is féidir leo feidhmiú ar scoil le cabhair ó áiseanna lagamhairc. Seans go mbeidh ar na daltaí a bhfuil íos-amharc iarmharach acu, nó atá dall, Braille a úsáid chun léamh agus scríobh.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

(Ba chóir do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara gurb í Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do Leanaí agus do Dhaoine Óga le Lagú Amhairc a chuireann tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí, do mhúinteoirí agus do dhaoine gairmiúla eile a bhfuil baint acu leis an dalta. Tá tuilleadh eolais ar fáil in Aguisín 3.)



- Spreag an dalta chun acmhainní/áiseanna amhairc atá ar fáil a úsáid (m.sh. gloiní, formhéadaitheoirí, leabhair le cló mór, srl).
- Cuir na daltaí seo ina suí in áit chuí sa seomra ranga (m.sh. sa lár, i dtreo an tosaigh).
- Déan cinnte go bhfuil na soilse feiliúnach.
- Déan do dhícheall deireadh a chur leis an dallrú a chruthaíonn soilse ar dheasca agus ar an gclár bán.
- Más féidir é, déan cinnte go bhfuil na soilse taobh thiar de dhaltaí nó lena dtaobh.
- Tabhair treoracha soiléire, mar mura dtugann, seans nach mbainfidh daltaí an chiall cheart as gothaí agus gothaí gnúise.
- Smaoinigh ar bhileoga oibre le prionta mór/formhéadaithe a úsáid.
- Dá laghad cumraíochtaí atá ar leathanach is amhlaidh is fearr é (is féidir bileoga oibre a ghearradh i stiallacha agus stáplaí a úsáid chun níos lú oibre a thabhairt ag aon am amháin).
- Caithfidh ábhair phrionta a bheith soiléir agus caithfidh an cló bheith dorcha.
- Bíodh páipéar línithe agat i gcomhair tascanna (agus bíodh na línte chomh dorcha agus is féidir).
- Ba chóir teorainn cúig nóiméad déag nó níos lú a chur ar obair neasphointe. Ba chóir na daltaí seo a spreagadh chun féachaint suas óna gcuid oibre, m.sh. peann luaidhe a ghéarú nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht eile, mar go dtabharfaidh sé seo seans dóibh a súile a athfhócasú, ionas nach n-éireoidh siad tuirseach.
- Abair le daltaí an fad óna n-uillinn go dtí a méara a thomhas agus abair leo nach gá dóibh riamh dul níos gaire ná sin dá gcuid oibre.
- Seans go mbeidh deasca claona úsáideach le haghaidh daltaí áirithe.
- Úsáid codarsnacht in aon ábhair fhíseacha: is fearr dubh agus bán.

- Ná húsáid cló iodálach ná cló ornáideach. Cuimhnigh gur fusa litreacha i gcás íochtair a léamh ná ceannlitreacha, toisc go bhfuil líon níos mó éiritheach agus íslitheach acu, agus dá bhrí sin gur fusa don tsúil iad a aithint.
- Cuir míniú soiléir béil le hábhar amhairc.
- Ná hiarr ar na daltaí seo an oiread cóipeála a dhéanamh ón gclár dubh ná ó aon áit eile.
- Déan níos mó gníomhaíochtaí a bhaineann le caint.
- Bain úsáid as rudaí nithiúla agus as taithí phraiticiúil nuair is féidir.
- Tabhair tuilleadh ama chun tascanna a chur i gcrích agus tabhair sosanna chun tuirse a sheachaint.
- Cé go bhfuil lagú amhairc ar na daltaí seo, bí ag súil i gcónaí le caighdeán maith i ngach rud.
- Cuir oiliúint soghluaisteachta agus ionduchtúchain ar fáil. I gcás daltaí a bhfuil lagú amhairc orthu bíonn an-deacracht acu scileanna a fhorbairt maidir le treoracha, soghluaisteacht agus taisteal. Is tábhachtaí fós é ag leibhéal iarbhunscoile, áit a mbeidh ar dhaltaí bogadh ó sheomra go seomra i gcomhair ábhair éagsúla.
- Déan socrú go bhfeidhmeoidh daltaí eile mar dhlúthchairde agus féach chuige, freisin, gur féidir leis an dalta foghlaim ó phiaraí. Ba chóir grúpaí piaraí a spreagadh chun an dalta a chur san áireamh agus chun tacaíocht a thabhairt dó/di.
- Úsáid ainm na ndaltaí seo nuair atá a n-aird á lorg agat.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, láithreán gréasáin: http://www.ncbi.ie/
2. Grogan, M. (2007) *Partners in Education: A Handbook on Disability Awareness and Inclusive Practices for Students with Disabilities* (2ú eag.), Uíbh Fhailí: Ionad um Maireachtáil Neamhspleách Uíbh Fhailí. Ar fáil ó Michael Nestor, IMN Uíbh Fhailí. Teil: 0579322832/24144 ríomhphost oicl@eircom.net
3. Royal National Institute for the Blind, láithreán gréasáin: http://www.rnib.org.uk/
4. Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do Leanaí le Lagú Amhairc, eolas: http://education.ie/. Eolas Ginearálta ar fáil in Aguisín 3.
5. Tugann an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (LNTO) comhairle ar an mbealach le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a úsáid le daltaí le lagú amhairc, láithreán gréasáin: http://www.ncte.ie/ .

Notaí